



An
Phríomh-Oifig
Staidrimh

Central
Statistics
Office

Comórtais CSO



Bonn Staidrimh
John Hooper

Comórtas Póstaeir Staitistiúil

John Hooper

Bronntar **Bonn Staidrimh John Hooper** ar bhuaiteoirí an chomórtas póstaeir náisiúnta seo. Is é is cuspoir leis an gcomórtas ná cumas daltaí a chothú chun cur síos ar a dtimpeallacht agus chun ciall a bhaint as an saol ag úsáid staitisticí.

Cé ar féidir leo páirt a ghlacadh?

Foirne de bheirt nó triúr dalta, rugtha in 2002 nó níos déanaí, as aon áit in Éirinn (thuaidh nó theas). Ní mór do mhúinteoirí na foirne a chlárú.

Conas páirt a ghlacadh:

1. Socraigh ar cheist
2. Bailigh sonraí nó úsáid sonraí reatha
3. Athbhreithnigh cáilíocht na sonraí
4. Déan anailís ar na sonraí
5. Cruthaigh an póstaer

Is féidir póstaer a chruthú faoi abhar ar bith. É sin ráite, ba chóir na modhanna oibre a leanas a léiriú: anailís úsáide, staitisticí/faisnéis staitistiúil a léirmhíniú agus a chur in iúl.

Dátaí Tábhachtacha

- **21 Eanáir 2021** Clárú le déanamh ag múinteoir ar www.cso.ie/en/baile/rannanml
- **26 Feabhra 2021 (5 i.n.)** Póstaer le cur faoi bhráid chuig johnhooper2021@cso.ie
- **26 Márta 2021** Fógrófar na póstaeir bhuaiteacha

Cén fáth ar chóir a bheith páirteach?

Trí pháirt a ghlacadh sa chomórtas seo spreagar daltaí chun:

- oibriú ar bhonn foirne
- ceisteanna iarbhír a iniúchadh ag baint úsáid as sonraí
- úsáid a bhaint as a scileanna comhairimh agus grafacha
- torthaí staitistiúla a léirmhíniú
- scileanna a fhorbairt sa chumarsáid scríofa

Beidh deis ag na buaiteoirí ionadaíocht a dhéanamh d'Éirinn ag Comórtas Staidrimh na hEorpa.

Duaiseanna



€1,600 As sin tabharfar €1,000 don scoil agus €600 don fhoireann daltaí mar aon le Bonn Staidrimh John Hooper.



€1,000 As sin tabharfar €650 don scoil agus €350 don fhoireann daltaí.



€600 As sin tabharfar €400 don scoil agus €200 don fhoireann daltaí.